KEEP NORTHERN IRELAND BEAUTIFUL ECO-SCHOOLS

# NUACHT É ICEA-SCOILEANNA

Márta 2016

## San eagrán seo:


- Tá brabús ag baint le Cash for Clobber do scoileanna áitiúla.
- Ollghlantachán Aibreán 2016
- Feachtas na nGráinneog

Eachtra na nGráinneog i Scoil Bheannchair.
- Nuacht scoileanna: Tionscadal Múirínithe in Kesh Primary School
- Dushlán Taistil Translink
- Nuacht na gComhpháirtithe:
  - Dúshlán Mór Wheelie
  - Babhtaí craoibhe Youth Speak
- Nuacht Idirnáisiúnta
- Nuacht eile
  - Deiseanna Oiliúna

Brait Ghlasa na míosa seo




*St Joseph's Primary, Ceathrú Aodha Dhuibh , a bhuaigh an duais de £ 3000 dá scoil le Cash for Clobber 2015.*

## Éicea-Scoileanna ag súil le baint le 'Briseadh ar son Balcaisí' (Cash for Clobber).

Tá an tEarrach le brath agus tá daltaí scoile ar fud Thuaisceart Éireann ag spreagadh a gcairde is a gclann le seanbhalcaisí geimhridh gan iarraidh nó ata róbheag a ghlanadh amach agus a athchúrsáil tríd an tionscnamh 'Briseadh ar son Balcaisí/Cash for Clobber'. Is aoibhinn le hÉicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful a bheith i mbun comhpháirtíochta arís le hAthchúrsálaithe Teicstílí na Coirre Críochaí/Cookstown Textile Recyclers don seachtú bliain chun an modh iontach seo a chur chun cinn ina mbítear ní amháin neamhdhíobhálach don timpeallacht ach fosta ina mbailítear do na scoileanna a bhíonn rannpháirteach roinnt airgid a bhíonn de dhíth orthu.

Beidh seans ag na scoileanna is mó a bhailíonn teicstílí in aghaidh an dalta an comórtas bliantúil Briseadh ar son Balcaisí/ Cash for Clobber' a bhaint ina bhfuil duaiseanna iontacha suas le £3000 le baint. Is é **31 Bealtaine** spriocdháta an chomórtais i mbliana. Cuireann Athchúrsálaithe Teicstílí na Coirre Críochaí/Cookstown Textile Recyclers 50 pingin in aghaidh an Kilo ar fáil fosta do na teicstílí a bhailítear. Téann na teicstílí ar aghaidh ansin le bheith ina n-acmhainn luachmhar ag daoine a chónaíonn i dtíortha ar fud an domhain atá i mbéal forbartha nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta.

Bhí ríméad ar St Joseph's Primary School, Ceathrú Aodha Dhuibh, gur bhain siad £3000 sa chatagóir mhór bunscoile anuraidh agus bhailigh siad chóir a bheith £2000 ón bhailiúchán é féin fosta. D'úsáid siad an t-airgead chun feabhas a chur ar an Éicea-gharraí s'acu le leapacha ardaithe glasraí, réimsí fiabheatha, bailte gráinneog agus rinne siad athchóiriú iomlán ar an ionad foghlama lasmuigh dá gcuid daltaí R1. Tá siad ag glacadh páirt arís i mbliana agus súil acu an pota óir a bhaint uair amháin eile.

*Is é a dúirt Billy Conway, Bainisteoir Margaíochta le Cookstown Textile Recyclers : "Ligeann 'Briseadh ar son Balcaisí/Cash for Clobber' do pháistí na tairbhí a fheiceáil iad féin a théann le cuir chuige fhreagracha i leith dramhaíola agus gur féidir leo airgead luachmhar a bhailiú dá scoil, ag an am céanna. Oibrímid go dlúth leis na húdaráis oideachais agus le scoileanna aonair iad féin le go bhfeicfidh siad cén dóigh a dtéann athchúrsáil i bhfeidhm ar an timpeallacht s'acu. Tugtar na héadaí agus na bróga a dhéanaimid a athchúrsáil ar shiúl lena n-easpórtáil agus lena n-úsáid arís i dtíortha eile."*

Cuidíonn 'Briseadh ar son Balcaisí /Cash for Clobber' le scoileanna oibriú i dtreo a ngradaim dá mBrat Ghlas Éicea-Scoileanna a bhfuil ardchlú idirnáisiúnta ag dul léi agus foghlaimíonn na daltaí faoin tábhacht atá le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil trí na hacmhainní iontacha nasctha leis an churaclam atá ar fáil.

Beidh an Comórtas ar siúl go dtí **31 Bealtaine 2016.** Gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna le tuilleadh eolais a fháil.

Le bailiúchán éadaí 'Briseadh ar son Balcaisí'/'Cash for Clobber' a shocrú do do scoil gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó cuir scairt ar 028 9447 8880.

## Mórghlantóireacht an Earraigh Aibreán 2016

### Spreagtha chun gnímh lenár nglantóireacht náisiúnta bhliantúil!

Tá Keep Northern Ireland Beautiful ag fógairt do scoileanna a bheith páirteach i rud éigin MÓR agus a thaispeáint gur **Breá leo an Baile Seo** trí pháirt a ghlacadh i **Mórghlantóireacht an Earraigh**.

Tá Mórghlantóireacht an Earraigh anois ina cuid den fheachtas **Is Breá Linn an Baile Seo / Live Here Love Here** a chuireann ar chumas pobail dul i mbun gnímh agus dul i ngleic le dramhaíl chun mórtas pobail a chothú. Is iontach nuair a bhíonn cumhacht ag na daoine! Le linn Ollghlantachán na bliana seo caite ghlac os cionn 89,506 duine páirt agus ghlan a gceantar áitiúil inar bhog siad ar shiúl thar 107 tonna bruscair a chinntiú go gCoinnítear Tuaisceart Éireann Álainn.

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Live Here Love Here a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**



*Daltaí ag St Malachy's Primary School, Iúr Cinn Trá, a ghlan a gceantar áitiúil le Mórghlantóireacht an Earraigh.*

**Breis agus 50 scoil** atá cláraithe cheana féin le páirt a ghlacadh in 2016. Mar sin de, cláraigh agus cuir bhur nglanadh fein leis an ghníomh iontach seo.

Cláraigh imeacht glantóireachta agus gheobhaidh tú pacáiste glantóireachta ina bhfaighidh tú: lámhainní, málaí, veisteanna ard-infheictheachta, póstaeir agus noda agus leideanna. Cláraigh do chuid torthaí agus seolfaimid teastas buíochais chugat as do rannpháirtíocht.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an dóigh le clárú, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Helping Hand - dearbhán MÓR 'go raibh maith agat' le lacáiste 15%!

Tá Keep Northern Ireland Beautiful ag úsáid táirgí bailithe bruscair Lamh Chuidithe Chomhshaoil / Helping Hand Environmental thar 10 mbliana. Chun ordú a dhéanamh le Helping Hand ag úsáid an lacáiste15%, tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here chun tuilleadh eolais a fháil. Tig deireadh leis an tairiscint ar 31 Aibreán 2016.

## Tá na scoileanna uilig ar bord do Dhúshlán Taistil Translink

Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Tá an Dúshlán á reáchtáil i dtéarma an tsamhraidh go dtí **23 Bealtaine** nó ar feadh **coicís ar bith** a roghnaíonn tú féin.

Spreag taisteal inbhuanaithe chun do scoile agus déan do thorthaí a thaifeadadh leis na hacmhainní atá curtha ar fáil. Seol chugainn do thorthaí agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach Iompair ar siúl i do scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar chatagóir Tionscadal #Corraitheoirí Cliste agus tá seans agat duais a bhaint.

Reáchtálfar searmanas ceiliúrtha gradaim i Stáisiún Láir Bhéal Feirste **Dé Céadaoin 8 Meitheamh.** Déanfar ainm gach scoile a sheolann torthaí isteach a iontráil i gcrannchur duaise le haghaidh turas scoile go Baile Átha Cliath le Bus Uladh / Ulsterbus. Ní comórtas amháin é seo ach tionscadal iontach ina dtugtar amach a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta. Amharc ar www.translink.co.uk/ecoschools le tuilleadh eolais a fháil ar na duaiseanna agus ar na hacmhainní iontacha nó cuir r-phost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.



*Cranmore Integrated Primary, Béal Feirste, uilig réidh don Dúshlán Taistil*

## Feachtas na nGráinneog

*Mar chuid de thionscnamh nua Sheaimpíní Speiceas NIEL, áitíonn Mark H Durkan, an tAire Comhshaoil, ar gach scoil cuidiú lenár ngráinneoga dúchasacha. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois go bhfuil níos lú ná 1 mhilliún gráinneog fágtha.*

### *Eachtraí Gráinneoige le Bangor Central Integrated Primary School*

An tEarrach seo caite thug an fear faire ag Bangor Central Integrated Primary School gráinneog faoi deara i dtailte na scoile agus é ag oscailt na scoile go luath maidin amháin. Shíl siad go mb'fhéidir go raibh sí ag geimhriú faoi cheann de na botháin. Rinne an tEicea-Choiste teagmháil leis an Chumann Ríoga um Chosaint Éan le feiceáil an dtabharfadh siad comhairle dóibh ar an dóigh le haire a thabhairt dá ngráinneog.



Chuir an RSBP ceamara stad-ghluaiseachta i bhfearas agus fuair siad scannán den ghráinneog agus í ag bogadh thart ar na tailte san oíche. Bhí lúcháir ar an scoil leis an mhéid sin agus shocraigh a dhul i mbun beart lena dtailte a dhéanamh chomh neamhdhíobhálach do ghráinneoga agus ab fhéidir. Chruthaigh siad réimsí 'fiáine' gan chorraí le carnáin duilleog agus géaga briste. Thug siad iarraidh mionainmhithe a mhealladh isteach ina dtailte trí óstáin feithidí agus ionaid ghnáthóige a thógáil.



San fhómhar thóg siad gnáthóga gráinneog as boscaí cairtchláir chun áiteanna tarraingteacha cluthara a chruthú do ghráinneoga le geimhriú iontu. Sa gheimhreadh agus an ghráinneog ina codladh thóg siad struchtúr álainn cruinneacháin as saileach de ghráinneog le cuidiú ón RSPB ónar chroch siad beathadáin éan. Ghlac siad páirt fosta i bhFairtheoireacht Mhór Éan Scoileanna an RSPB.

Anois agus an tEarrach ag druidim linn arís agus gráinneoga ag múscailt agus ag cuardach bia, tá an scoil ar bís go bhfeicfear an ghráinneog uair amháin eile ag baint taitnimh as tailte a scoile.

Má chonaic tú gráinneoga ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat chun roinnt linn, déan teagmháil le do thoil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org is amharc ar Fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

## Nuacht Scoileanna:

### Tochlaíonn Kesh Primary School faoi thopaic an dramhbhia le tionscadal múirínithe

Bíonn dramhbhia ar na ceannlínte nuachta anois agus tá méadú feasachta ar an tionchar a bhíonn aige ar chúrsaí comhshaoil. De réir nuareachtaíocht ar dhramhbhia a thabharfar isteach i mí Aibreáin 2016 beidh ar scoileanna a gcuid dramhbhia a scaradh ó bhoscaí eile dramhaíola.




Tá Kesh Primary School, Inis Ceithleann, ag obair i dtreo a 5ú Brat Ghlas agus shíl siad go raibh obair mhaith ar siúl acu lena gcuid dramhaíola trí phlaistigh agus cairtchlár a athchúrsáil. Rinne siad iniúchadh dramhaíola agus b'ábhar iontais acu é a oiread dramhbhia a bhí acu ina mbailiúchán líonadh talaimh. I ndiaidh beagán comhairle agus cuidithe óna gcomhairle áitiúil shocraigh siad ar bhoscaí bruscair múirínithe a chur in áit lena gcuid scamhadh torthaí agus glasraí ar scoil a athchúrsáil. Ba ghairid gur éirigh leo an scoil ar fad, ina measc an ceaintín, a thabhairt ar bord, agus anois tá siad ag cruthú roinnt múirín iontach do gharraí na scoile.

Ba dheis iontach foghlama an próiseas ar fad do dhaltaí, foireann agus tuismitheoirí. Le níos mó a fhoghlaim faoina gcuid eispéireas léigh an cás-staidéar a rinne siad. Tá cás-staidéir fhiúntacha eile ar dhramhaíl de chuid Down High School agus McClintock Primary le fáil fosta ar www.eco-schoolsni.org.

## Nuacht Chomhpháirtithe:

Bhí 25 scoil ó cheantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste ag breathnú ar cheisteanna athchúrsála agus cur amú bia in **Dúshlán Mór Wheelie** na bliana seo. Déanfaidh scoileanna iniúchadh dramhaíola agus glacfaidh siad céimeanna chun dramhaíl a laghdú. Déanfar cur síos ar na gníomhartha agus ar na torthaí ansin agus cuirfear iad sin isteach mar iontrálacha i gcomórtas a mbeidh a bhreith dheiridh ann ar 10 Meitheamh sa Halla Mhór, in Halla na Cathrach, Béal Feirste. Tá tréan ama ann go fóill le páirt a ghlacadh nó beidh an tionscadal ar siúl go dtí deireadh mhí na Bealtaine. Soláthraítear fosta acmhainní saor in aisce agus ciseáin bhruscair nó piastlann. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le cathy.gorman@keepnorthernirelandbeautiful.org.




Tréaslaítear le Lucia ó Assumption Grammar, Baile na hInse, agus le Liam ó St Columba's Primary School, Clóidigh, a bhain na rannáin iar-bhunscoile agus bhunscoile faoi seach sa chomórtas Caint Chomhshaoil na nÓg /**Environmental Youth Speak** ar 8 Márta ag Cnoc Maslaí, Baile na Mainistreach . Bhí iontrálacha iontacha sa bhabhta ceannais ó scoileanna fud fad TÉ agus shíl na breithiúna an dúrud de dhíograis na ndaltaí i leith ceisteanna maidir le cosc a chur ar dhramhaíl.



*D'áitigh Lucia ó Assumption Grammar orainn gan ár gcuid bruscair a sheoladh chuig líonta talaimh "i bhfad, i bhfad ar shiúl".*

# Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:

## Físeán NOM Lagan College

Tá físeán iontach cruthaithe ag scoláirí ó Lagan College, Caisleán Riabhach, den chuairt a thug aíonna idirnáisiúnta orthu ó Éicea-Scoileanna ar fud an domhain le linn Chruinniú Oibritheoirí Náisiúnta (CON) Éicea-Scoileanna i mí na Samhna. Coimhéad air anseo agus amharc siar ar ócáid den chéad scoth.

## Rath mór ar Thaispeántas Éicea-Scoileanna, Scoileanna Glasa Éireann



*Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn ag caint le daltaí faoina gcuid oibre Éicea-Scoileanna*

Ar 25 Feabhra 2016 chonacthas an chéad Taispeántas Éicea-Scoileanna a reáchtáladh riamh in Éirinn. B'ócáid dhochreidte í seo a d'eagraigh foireann ar dóigh agus ar fhreastail scoláirí agus múinteoirí spreagúla uirthi ó gach ceann d'Éirinn.

Thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn aitheasc cumhachtach uaidh, inar mhol sé scoileanna as ucht a n-iarrachtaí ollmhóra agus labhair sé ar an tábhacht atá le 'hathcheangal'.

Bhí an halla líon lán le taispeántais ó scoileanna agus tugadh cainteanna faisnéiseacha i rith an lae. Is í Evelyn Cusack, láithreoir aimsire RTÉ, Leas-Cheannasaí Réamhaisnéise ag Met Éireann agus Rúnaí Chumann Meitéareolaíoch na hÉireann a chuir clabhsúr leis an lá agus caint shuimiúil á tabhairt aici ar an aimsir agus ar na hathruithe le himeacht ama. Tá cainteanna a tugadh ar an lá le fáil chun breathnú orthu anseo.

## Comhdháil in India ar 'An tOideachas mar fhórsa taobh thiar de Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe'

Ar 11 -13 Eanáir 2016 d'eagraigh ball FOI/ FEE, an lárionad don Oideachas Imshaoil, comhdháil idirnáisiúnta ar an Oideachas mar Fhórsa taobh thiar de Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe i gcomhpháirt le UNESCO, UNEP agus le Rialtas na hIndia. Ba é Ian Humphreys, PF Keep Northern Ireland Beautiful, a rinne ionadaíocht ar son FOI/FEE ag an chomhdháil, a tharla in Ahmedabad, India.

Tig an Chomhdháil seo sna sála ar lainseáil, i Meán Fómhair 2015, na 17 Spriocanna don Fhorbairt Inbhuanaithe a tháinig i ndiaidh comhairliúchán domhanda. Is é Ardchaighdeán Oideachais ceann de an spriocanna atá ann. Díríodh sa chomhdháil seo áfach, ar an oideachas a leathnú sa chiall is leithne de (ina n-áirítear oiliúint agus forbairt acmhainní, cumarsáid, feasacht an phobail a ardú agus oideachas foirmiúil ag gach leibhéal) mar théama leathan atá ábhartha do na spriocanna go léir. Glactar leis anois nach leor iad na hionstraimí polasaí agus na réitigh theicneolaíocha leo féin chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Léigh tuilleadh faoi seo...

## Éicea-Scoileanna Sualannacha ag léiriú torthaí dearfacha



Tá Éicea-Scoileanna na Sualainne go díreach i ndiaidh torthaí a fháil óna suirbhé bliantúil ar Éicea-Scoileanna, a fhreagraíonn os cionn 1600 múinteoir: is léir go ndéanann Éicea-Scoileanna difear iina gcuid oibre ó lá go lá.

Is dóigh le 91% go gcuidíonn Éicea-Scoileanna le hobair ghníomhach don fhorbairt inbhuanaithe.

Is dóigh le 75% go dtugann Éicea-Scoileanna níos mó tionchair do pháistí agus do dhaoine óga, agus cinntíonn se go mbíonn ionchur níos mó ag oideachasóirí i gcúrsaí.

Is dóigh le 81% go dtugann obair Éicea-Scoileanna ábhar bróid do pháistí agus do scoláirí!

*Is é a dúirt Lisa Adelsköld, ón Fhondúireacht Coinnigh an tSualainn Slachtmhar/ Keep Sweden Tidy Foundation, "Is iad na haislingí atá anois agam gur féidir linn líonra níos láidre de chomhordaitheoirí Éicea-Scoileanna a thógáil a bhíonn i mbun oibre le bardasachtaí na Sualainne ar cheisteanna comhshaoil. Caithfimid níos mó tacaíocht áitiúil a thógáil agus caithfidh na múinteoirí a bheith ábalta bualadh le chéile i líonraí áitiúla. Caithfimid uilig inspioráid a fháil agus foghlaim óna chéile le leanúint orainn ag obair i dtreo na forbartha inbhuanaithe!"*

## Cruinniú Oibritheoirí Náisiúnta TÓT- Glaschú.

Thaitin sé le Keep Northern Ireland Beautiful freastal ar Chruinniú Oibritheoirí Náisiúnta Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht (TÓT)/Young Reporters for the Environment (YRE) i mí Feabhra. Ba sheans é seo ag daoine ó gach tír ar domhan ina reáchtáiltear an clár TÓT teacht i gceann a chéile le traenáil, agus inspioráid a fháil agus le smaointe a mhalartú. Léigh tuilleadh anseo…

Young Reporters for the environment

Tá síneadh curtha leis an spriocdháta le haghaidh iontrálacha ar an chomórtas TÓT/YRE go dtí **11 Aibreán**. Níos mó sonraí ar an suíomh gréasáin.

# Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Is í seo an nuacht is deireanaí ó réimsí eile dár n-eagraíocht:

## Tuarascáil Tagarmharcála nua foilsithe




Tugann Tuarascáil Tagmharcála Keep Northern Ireland Beautiful an chéad anailís mhionsonraithe riamh ar shonraí Cháilíocht an Chomhshaoil Áitiúil ó bunaíodh an aon cheann déag de chomhairlí nua.

Trí chlúdach a dhéanamh ar bhruscar agus salú madaí, oideachas, feachtasaíocht, rannpháirtíocht phoiblí, forfheidhmiú agus tuilleadh nach iad, déantar comparáid idir sonraí 2015 agus cinn na gcomhairlí oidhreachta ó na trí bliana roimhe sin. Tagann sé in áit na dtuarascálacha Suirbhé Bruscair TÉ a cuireadh i gcrích thar ceann RnaT /DoE ó 2006 agus tugann sé spléachadh níos cuimsithí ar phictiúr mór an bhruscair i dTuaisceart Éireann. Gabh chuig suíomh idirlín Keep Northern Ireland Beautiful leis an tuarascáil a íoslódáil.

## Caomhnaigh Cearn Bheag /Adopt A Spot

Tá lúcháir orainn a rá go bhfuil Caomhnaigh Cearn Bheag /Adopt A Spot ag fás agus gur féidir linn anois cuidiú le 50 grúpa eile a rachaidh i bpáirt leis an 150 grúpa cheana féin atá ag cuidiú leis an áit ina gcónaíonn siad a choinneáil álainn.

Is deis saorálaíochais é Caomhnaigh Cearn Bheag/Adopt A Spot a dhéantar tríd Is Breá Linn an Baile Seo / Live Here Love Here agus a ligeann do ghrúpaí ar fud Thuaisceart Éireann cearn dá rogha féin a phiocadh go foirmiúil agus a chaomhnú. Amharcann na grúpaí seo i ndiaidh an cheantair ar feadh ar a laghad dhá bhliain agus tiomnaíonn siad a gcuid ama ceithre huaire sa bhliain leis an áit a ghlanadh agus eolas a thuairisciú ar ais tríd Is Breá Linn an Baile Seo /Live Here Love Here.

# Scéalta Eile:

## Cúrsaí SAFA/OPAL Saotharlanna Faoin Aer /Open Air Laboratories

Tá trí chúrsa ar oscailt a thugann oiliúint suirbhé saoránach do dhuine ar bith ar spéis leo níos mó a fhoghlaim faoin timpeallacht. Clúdaíonn an traenáil suirbhéanna ar chrainn, frídíní, uisce, ithir agus léicin thar 6 sheisiún—iad uilig ar £5 go díreach. Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Ollscoil na Banríona chun áit a chur in áirithe. Is iad seo na dátaí atá ar fáil:

- Tráthnónta Céadaoin ó 4 Bealtaine go 1 Meitheamh - Ionad Pobail Chnoc an Ospidéil, an Ómaigh.
- Maidineacha Sathairn ó 7 Bealtaine go 21 Bealtaine - Ionad Fionnachtana Loch nEachach, Creag Ab-hann.
- Tráthnónta Máirt ó 26 Aibreán go 24 Bealtaine - Scoil Oideachais Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste.

## Páistí a spreagadh chun cuidiú leis na beacha a shábháil. Plean Sóisearach Pailneora seolta.




Anuraidh, tháinig saineolaithe na mbeach le chéile in Éirinn chun Plean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020 a chruthú. Rinneadh iniúchadh ar na dúshláin atá roimh bheacha i saol an lae inniu, an príomhról a bhíonn acu inár n-éicea-chóras agus bealaí ina dtiocfadh le gach duine a gcion a dhéanamh chun cuidiú lena gcosaint.

Is cúis lúcháire é ag Keep Northern Ireland Beautiful Eco-Schools a bheith ag tacú leis an 'Phlean Sóisearach Pailneora', ina gcuirtear na smaointe seo i láthair lucht éisteachta níos óige ar dhóigh spraíúil agus shothuigthe. Spreagann sé páistí le hamharc ar bhealaí a dtig leo cuidiú le cur i gcoinne imeacht i léig na mbeach in Éirinn agus cuideoidh sé leo tábhacht na mbeach sa domhan a thuigbheáil agus cuirfidh sé ar a gcumas gníomh a dhéanamh le cuidiú lenár gcuid pailneoirí a chosaint.

Más pailneoir thú, is é do sháith bia a aimsiú an dúshlán is mó a bhíonn romhat. De dheasca titim i líon na mbláthanna fiáine tá ár gcuid pailneoirí ag fáil bháis den ocras. Ciallaíonn an spraeáil an leasaithe gur tháinig méadú san fhómhar, ach gur tháinig titim mhór, dá réir, i líon na mbláthanna fiáine, i ngnáthóga ghoirt bhain-istithe agus i ngnáthóga leathnádúrtha ar na gaobhair. Ó tharla claonadh a bheith againn an tírdhreach a chóiriú seachas ligean do bhláthanna fiáine fás ar feadh na mbóithre, teorainneacha páirce, agus inár gcuid páirceanna poiblí, garraithe agus tailte scoile bíonn tionchar mór aige sin agus níos lú de na foinsí seo a bheith ar fáil.

Íoslódáil cóip den Phlean Sóisearach Pailneora ar acmhainn iontach é le teagasc ar an topaic agus a thugann a lán smaointe ar bhealaí le cuidiú le beacha.

## Deis Foghlaim Dhomhanda do scoileanna

GLOBAL LEARNING Programme

Is féidir le scoileanna TÉ oideachas do dhomhan cothrom inbhuanaithe a thabhairt isteach ina gcuid seomraí ranga an téarma seo trí rannpháirtíocht i gClár Foghlaim Dhomhanda (CFD) Tá os cionn 160 scoil ó TÉ ag glacadh páirt i dtionscnamh forbartha foirne cheana féin agus iad ag déanamh dul chun cinn iontach.



Tairgtear traenáil ar fhoghlaim dhomhanda do gach scoil atá rannpháirteach (agus cuirtear clúdach ionadaíochta ar fáil) le cois acmhainní agus treoir. Is féidir le scoileanna tuilleadh eolais a fháil agus clárú don chlár ach cuairt a thabhairt ar shuíomh CFD, www.globallearningni.com.

Ba chóir ceisteanna a dhíriú ar glp@centreforglobaleducation.com. Déanann an tIonad um Oideachas Domhanda bainistiú ar an CFD agus tugann rialtas RA maoiniú dó.

## Brait Ghlasa na míosa seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a ngradam iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo le:

- Ballymacrickett Primary School, Cromghlinn
- Christ the Redeemer Primary School, Béal Feirste
- Cumran Primary School, An Chloch
- Enniskillen Model Primary School, Inis Ceithleann
- Parkview School, Lios na gCearrbhach
- Roe Valley Integrated Primary School, Léim an Mhadaidh
- St Teresa's Primary School, an Ómaigh
- The Holy Family Primary School, Dún Pádraig




*St Teresa's Primary, an Ómaigh.*




*The Holy Family Primary, Dún Pádraig.*




*Parkview School, Lios na gCearrbhach.*

**Déan teagmháil linn ag:**
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Tel: 028 9073 6920
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**